

Ní haon saighdiúir mise!


Séideán Sí



Siobhán Mhic Gearailt
Peter Donnelly a mhaisigh

Ní haon saighdiúir mise!



Siobhán Mhic Gearailt
Peter Donnelly a mhaisigh

 AN GÚM

Baile Átha Cliath

An chéad eagrán 2007

© An Roinn Oideachais agus Eolaíochta / Foras na Gaeilge, 2007

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thairfeadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Baineann an saothar seo le scéim Dhearthóirí Áiseanna Teagaisc na Roinne Oideachais agus Eolaíochta atá ann chun áiseanna Gaeilge a sholáthar do na bunscoileanna Gaeltachta agus do na bunscoileanna lán-Chaeilge.

Dearthóirí Áiseanna Teagaisc na Gaeilge a scríobh

Dearadh agus leagan amach: Designit

Obair ealaíne: Peter Donnelly

Printset and Design Teo a chlóbhuail in Éirinn


An Gúm, 24–27 Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath 1

Clár

Caibidil 1	4
Caibidil 2	12
Caibidil 3	19
Caibidil 4	25
Caibidil 5	34

Caibidil 1





Bhí sé a deich a chlog nuair
a tháinig Mamaí abhaile.

‘Cá bhfuil Gearóid?’ ar sise le Daidí.

‘Ní fhaca mé le tamall é,’ arsa
Daidí. ‘Seans go bhfuil sé fós
os comhair na teilifíse.’

Chuaigh Mamaí isteach sa seomra suite agus chonaic sí go raibh an ceart ag Daidí. Bhí Gearóid fós os comhair na teilifíse.



‘Nach bhfuil sé thar am agatsa a bheith sa leaba?’ arsa Mamaí leis. ‘Ach is maith liom an clár seo, a Mhamaí,’ arsa Gearóid. ‘Beidh sé thart taobh istigh de leathuair an chloig.’

Isteach le Daidí ansin.



‘Nach bhfuil cluiche iomána agatsa amárach?’ ar seisean le Gearóid.

‘Tá,’ arsa Gearóid. ‘Díreach tar éis na scoile.’

‘Bhuel, b’fhearr duit dul a chodladh anois nó beidh tú tuirseach amárach,’ arsa Mamaí.

Ní mó ná sásta a bhí Gearóid.
'Ach, a Mhamáí ...,' ar seisean.
'Ná bac le do *ach*,' arsa Mhamáí
agus chuir sí as an teilifís.





‘Oíche mhaith,’ arsa Gearóid agus
isteach leis ina sheomra codlata.



Nuair a bhí Gearóid istigh sa leaba thosaigh sé ag léamh. Bhí an-spéis aige sa leabhar ach bhí sé tuirseach. Ní raibh léite aige ach cúpla leathanach nuair a thit an leabhar as a lámh. Bhí Gearóid ina chodladh go sámh!




Tar éis tamaill tháinig Mamaí
isteach.

‘Oíche mhaith,’ ar sise.

Ach níor fhreagair Gearóid í.

Bhí sé ina chodladh go sámh.

Caibidil 2






Chonaic Gearóid dún mór i bhfad uaidh. Ar pháirc os comhair an dúin chonaic sé buachaill ag imirt iomána.

‘Sin é Cú Chulainn!’ arsa Gearóid.
‘Agus tá sé ag imirt iomána.’

‘Ba mhaith liom cluiche iomána a bheith agam le Cú Chulainn,’ arsa Gearóid. ‘Rachaidh mé go hEamhain Mhacha.’



Suas san aer le Gearóid. D’imigh sé leis thar choillte agus thar ghleannta, thar locha agus thar aibhneacha nó gur shroich sé Eamhain Mhacha.

Ach nuair a shroich Gearóid
Eamhain Mhacha tásc ná tuairisc
ní raibh ar Chú Chulainn.



Chonaic Gearóid fear ag marcaíocht
ar chapall.

‘An bhfaca tú Cú Chulainn?’
ar seisean leis an bhfear.

‘Ní fhaca,’ arsa an fear.



Tamall ina dhiaidh sin chonaic Gearóid buachaill óg ag imirt iomána lena athair.

‘An bhfaca sibh Cú Chulainn?’ ar seisean leis an mbeirt.



‘Chonaiceamar,’ arsa an fear. ‘Tá sé ag faire an dúin! Ach cé thusa?’

‘Gearóid atá ormsa,’ arsa Gearóid, ‘agus ba mhaith liom cluiche iomána a bheith agam le Cú Chulainn.’

‘Níl imreoir níos fearr ná Cú Chulainn sa chúige seo,’ arsa an fear.

‘Níl imreoir níos fearr ná é in Éirinn,’ arsa an buachaill óg. ‘Go n-éirí an t-ádh leat.’



‘Go raibh maith agat,’ arsa Gearóid agus thug sé aghaidh ar an dún.

Caibidil 3



Nuair a shroich Gearóid an dún
bhuail sé ar an ngeata mór
lena chamán.

D'oscail an rí, Conchúr Mac Neasa,
an geata.

‘Cé thusa?’ ar seisean nuair a
chonaic sé Gearóid ina sheasamh
taobh amuigh.

‘Gearóid atá ormsa,’ arsa Gearóid,
‘agus ba mhaith liom cluiche
iomána a bheith agam
le Cú Chulainn.’





Nuair a chuala Conchúr Mac Neasa
é seo thosaigh sé ag gáire.

‘Níl imreoir níos fearr ná Cú Chulainn
sa chúige seo,’ ar seisean.



Chuala Cú Chulainn an bheirt
ag caint.

‘Níl imreoir níos fearr ná mé
in Éirinn,’ ar seisean. ‘Ach beidh
cluiche agam leat, mar sin féin.’

D'imir Gearóid agus Cú Chulainn
cluiche iomána sa pháirc
os comhair an dúin.



Bhí an-chluiche ag Gearóid ach
b'fhéarr Cú Chulainn ná é.

‘Níl tú chomh maith le Cú Chulainn,’
arsa Conchúr Mac Neasa le Gearóid
nuair a bhí an cluiche thart. ‘Ach níl
aon chailliúint ort, mar sin féin.’

‘Is maith an t-iománaí tú,’ arsa
Cú Chulainn agus chroith sé lámh
le Gearóid.



Bhí Gearóid breá sásta leis féin.

Caibidil 4



‘Tar isteach sa dún anois,’ arsa an rí le Gearóid. ‘Caithfidh go bhfuil ocras ort.’

Istigh sa dún shuigh an triúr chun boird agus bhí béile breá acu.



‘Bhí sé sin breá blasta,’ arsa Gearóid nuair a bhí an béile ite acu.

‘Go raibh míle maith agaibh.’

‘Tá fáilte romhat,’ arsa Cú Chulainn.

‘An mbeidh cluiche eile anois againn?’



Ach bhí Gearóid bocht tuirseach.

Bhí agus an-tuirseach.

‘Lá éigin eile, b’fhéidir,’ ar seisean.

‘Beidh cluiche againn lá éigin eile.

Táim róthuirseach anois.’



Go tobann d’oscail doras an dúin agus siúd isteach le beirt shaighdiúirí. ‘Tá siad tagtha,’ arsa duine de na saighdiúirí. ‘Tá arm Chonnacht tagtha.’

Léim Conchúr Mac Neasa ina sheasamh agus rug sé ar a chlaíomh.



Léim Cú Chulainn ina sheasamh agus rug sé ar a shleá. Siúd leis an mbeirt acu amach an doras.



Rith Gearóid ina ndiaidh.

‘Cá bhfuil sibh ag dul?’

a d’fhiafraigh sé de Chú Chulainn.

‘Cá bhfuil sibh ag dul?’



‘Tá arm Chonnacht tagtha,’ arsa
Cú Chulainn, ‘agus tá sé in am
troda. An bhfuil tú ag teacht
in éineacht linn?’

‘Mise?’ arsa Gearóid. ‘Ach ní haon
saighdiúir mise.’

‘Is iománaí maith tú,’ arsa an rí.

‘Mar sin, déanfaidh tú saighdiúir maith.’

Agus shín sé sleá agus sciath chuige.





‘Seo linn,’ arsa Cú Chulainn.


Caibidil 5



Gearóid bocht. Bhí sé trína chéile!
‘Ní maith liom an áit seo,’ ar
seisean, ‘ná ní theastaíonn uaim
a bheith i mo shaighdiúir. B’fhearr
liom a bheith ag baile.’

Ach rug Conchúr Mac Neasa
ar Ghearóid.

‘Seo!’ ar seisean. ‘Isteach leat
sa charbad. Tá Cú Chulainn
ag fanacht leat.’



‘Ach dúirt mé leat nach saighdiúir mé,’ arsa Gearóid. ‘Teastaíonn uaim dul abhaile.’



‘Theastódh uait éirí,’ arsa an rí,
‘nó beidh tú déanach don scoil.’
Don scoil! Conchúr Mac Neasa ag
caint faoin scoil! Bhí Gearóid bocht
trína chéile.

‘B’fhearr duit éirí, a Ghearóid,’ arsa an rí arís, ‘nó beidh tú déanach don scoil.’



D’oscail Gearóid a shúile. Agus cé a bheadh ina sheasamh ag bun na leapa ach ...

... Daidí!

‘Tusa atá ann!’ arsa Gearóid.

‘Tusa atá ann, a Dhaidí!’




‘Agus cé eile a bheadh ann?’

arsa Daidí. ‘Fionn Mac Cumhaill?’

‘Ní hea,’ arsa Gearóid, ‘ach
Conchúr Mac Neasa!’




‘B’fhearr duit éirí, mar sin,’ arsa Daidí, ‘nó ní thabharfaidh Conchúr Mac Neasa ar scoil ina charbad tú!’




sciath




sleá



carbad



claíomh



saighdiúir

‘Ba mhaith liom cluiche iomána
a bheith agam le Cú Chulainn,’
arsa Gearóid.

‘Rachaidh mé go hEamhain Mhacha.’